Seoladh: Áras an Chontae.
Teileafón: 094-24444
Suíomh Idirlín: www.mayococo.ie
Ríomhphost: secretar@mayococo.ie

**N.B. Dearadh an seicliosta seo mar áis chúnaimh chun iarratas pleanála iomlán cruinn a ullmhú.**
**Ba chóir tagairt a dhéanamh do na Rialacháin Reachtúla um Pleanáil agus Forbairt.**

COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO
NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001-2007
SEICLIOSTA BAILÍOCHTAITHE IARRATAS PLEANÁLA

Ainm an iarratasóra: ____________________________________________

Seoladh an iarratasóra: __________________________________________

Cineál Iarratais: Dáta a leagadh isteach é: ________________________

Cead: ☐ Cead Coinneála: ☐

Cead imlíneach: ☐ Cead de dhroim cead a dheonú: ☐

Uimhir Thagartha Pleanála roimhe seo má bhaineann sé le hábhar: ____________

Sonraí na forbartha:

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

Seicliosta Bailíochtaithe:

| Airteagal sna Rialacháin | Ceist le deimhniú | N/A | Tá | Níl |
|---|---|---|---|---|
| 22(4)(b) | Má bhaineann an t-iarratas seo go príomha le hathrú ábhartha de shaghas ar bith ar úsáid an láithreáin, an bhfuil ráiteas faoi iamh ina léirítear úsáid reatha an láithreáin, an úsáid atá molta don láithreán, chomh maith le cur síos ar mhéid agus ar chineál na húsáide molta. | | | |
| 97 | Más gá EIS a chur leis an iarratas, an bhfuil 10 gcóip de faoi iamh? | | | |
| 22(2)(h) | An bhfuil an táille chuí faoi iamh, chomh maith le cur síos ar mhodh ríofa na táille sin? | | | |
| | An bhfuil an t-iarratas sínithe agus dáta curtha leis? | | | |

| FÓGRA NUACHTÁIN | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 22(2)(a) | 1. Ar foilsíodh fógra i nuachtán faofa, agus ar cuireadh cóip de LEATHANACH IOMLÁN an fhógra sin (ainm an nuachtáin agus dáta san áireamh) faoi iamh?<br>2. Ar cuireadh cóip den fhógra láithreáin, mar atá sé crochta, faoi iamh leis an iarratas? | | | |

| Airteagal sna Rialacháin | Ceist le deimhniú | N/A | Tá | Níl |
|---|---|---|---|---|
| 17(1) | An raibh cáipéisí an iarratais faighte ag an údarás pleanála LAISTIGH de choicís ó dháta foilsithe an fhógra? | | | |
| *An bhfuil léirithe san fhógra nuachtáin:* | | | | |
| 18(1) | Ainm an údaráis chuí pleanála mar cheannteideal ar an bhfógra | | | |
| 18(1)(a) | Ainm an iarratasóra/na n-iarratasóirí mar a tugadh i gCeist 1 den fhoirm iarratais é | | | |
| 18(1)(b) | Suíomh, baile fearainn (mar atá sé ar léarscáil na S.O.) nó seoladh poist an láithreáin forbartha. | | | |
| 18(1)(c) | An cineál iarratais atá i gceist (mar atá sé ar an bhfoirm iarratais, agus an uimhir thagartha chuí a ghabhann leis) | | | |
| 18(1)(d) | Cur síos ar chineál agus ar mhéid na forbartha beartaithe. | | | |
| 18(1)(d)(i) | I gcás forbairtí tithíochta, an dtugtar líon na dtithe atá i gceist le fios (.i. líon na dteaghaisí a chuirfear ar fáil)? | | | |
| 18(1)(d)(ii) | I gcás cead coinneála,<br>1. An dtugtar le fios ar an bhfógra cad chuige a bhfuiltear ag súil leis an bhfoirgneamh a úsáid?<br>2. Cá fhad a mbeidh an foirgneamh molta le coinneáil *má bhaineann sé le hábhar*? | | | |
| 18(1)(d)(iii) | Más foirgneamh faoi chosaint é an foirgneamh i gceist, an bhfuil an méid sin tugtha le fios ar an bhfógra? | | | |
| 18(1)(d)(iv) | Má bhaineann an fhorbairt féin leis, nó má úsáidfear an fhorbairt chuig gníomh a bhfuil ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú, nó ceadúnas dramhaíola, ag teastáil lena aghaidh, an bhfuil an méid sin tugtha le fios san fhógra? | | | |
| 18(1)(d)(v) | Má bhaineann an t-iarratas le forbairt ata suite i gcrios forbartha straitéisí, an bhfuil sé sin luaite san fhógra? | | | |
| 18(1)(e) | An bhfuil sé luaite san fhógra gur féidir an t-iarratas seo a iniúchadh nó a cheannach ag oifigí an údaráis pleanála? | | | |
| 18(1)(e) | An bhfuil sé luaite san fhógra gur féidir tuairimí nó aighneachtaí a dhéanamh chuig an údarás pleanála ach iad a chur i bhfoirm scríofa agus iad a sheoladh leis an táille chuí (€20 i láthair na huaire) chuig an údarás pleanála laistigh de 5 seachtaine ón iarratas a bheith faighte ag an údarás pleanála? | | | |
| 98(a) | Sa chás nárbh fholáir EIS a ullmhú agus a leagan isteach leis an iarratas, an bhfuil an méid sin tugtha le fios san fhógra? | | | |
| 98(b) | Sa chás gur ullmhaíodh EIS, an luaitear san fhógra gur féidir é a scrúdú nó a cheannach ar tháille nach mó ná costas réasúnach a chóipeála? | | | |

| **FÓGRA LÁITHREÁIN** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 17(1)(b) | Ar crochadh fógra(í) láithreáin laistigh de thréimhse coicíse sular leagadh isteach an t-iarratas? | | | |
| 19(1)(a) | An bhfuil leagan amach an fhógra ar aon dul nach mór le Foirm Uimh. 1 de na rialacháin? | | | |
| 19(1)(b) | An bhfuil an fógra priontáilte i ndúch doscriosta ar chúlra bán, agus é greamaithe d'ábhar marthanach agus cosanta ó éifeacht na drochaimsire? | | | |
| 19(1)(c) | An bhfuil an fógra crochta in áit fheiceálach ag nó in aice le gach bealach isteach ar an láithreán nó an foirgneamh, agus an bhfuil sé soléite do dhaoine ag gabháil a mbealaigh ar an mbóthar poiblí? | | | |
| 19(3) | D'fhéadfadh an t-údarás áitiúil iallach a chur ar an iarratasóir tuilleadh fógraí láithreáin a chrochadh de bhun na gcoinníollacha a leagadh amach i 19(1)(c). | | | |
| 22(2)(a) | An bhfuil cóip amháin den fhógra láithreáin (i ndath cuí) curtha faoi iamh? | | | |
| *An dtugtar le fios san fhógra láithreáin:* | | | | |
| 19(4) | Ní mór an fógra láithreáin a phriontáil ar chúlra buí nuair a chuirtear iarratas **bailí** pleanála faoi bhráid an údaráis áitiúil | | | |

| Airteagal sna Rialacháin | Ceist le deimhniú | N/A | Tá | Níl |
|---|---|---|---|---|
| | laistigh de thréimhse sé mhí ó cuireadh iarratas eile comhchosúil leis isteach don talamh/foirgneamh céanna. | | | |
| | Má bhaineann sé seo le hábhar, an bhfuil an fógra láithreáin priontáilte ar chúlra buí? | | | |

| LÉARSCÁIL DE SHUÍOMH AN LÁITHREÁIN | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 22(4)(a) | An bhfuil 6 chóip faoi iamh? | | | |
| 22(2)(b) | An bhfuil plean an tsuímh léirithe ar scála 1:1000 i gcás limistéir faoi fhoirgnimh, agus 1:2500 i gcás limistéir eile, nó ar scála eile mar a socraíodh leis an údarás pleanála sular leagadh isteach an t-iarratas. | | | |
| 22(2)(b) | An bhfuil plean an tsuímh sách soiléir agus mionsonraithe, .i. an léirítear gnéithe áitiúla ann, ionas go mbeifear in ann an suíomh lena mbaineann an t-iarratas a aithint gan stró. | | | |
| 22(2)(b) | 1. An bhfuil imlíne an tsuímh lena mbainenn an fhorbairt/na forbairtí léirithe i ndath *dearg*?<br>2. An bhfuil imlíne aon talún tadhlaí ar leis an t-iarratasóir é ach nach mbaineann leis an suíomh a bhfuiltear ag lorg cead pleanála ina leith léirithe i ndath *gorm.*<br>3. An bhfuil aon cheadanna slí ar an suíomh línithe i ndath buí? | | | |
| 22(2)(b)(iv) | An bhfuil áit chrochta an fhógra/na bhfógraí láithreáin léirithe go soiléir ar léarscáil(eanna) de shuíomh an láithreáin. | | | |
| 22(2)(c) | **Sa chás go bhfuil sé beartaithe fuíolluisce a dhiúscairt gan é a scairdeadh amach i séarach poiblí, ní mór eolas maidir leis an gcóras cóireála atá beartaithe don láithreán féin a leagan isteach chomh maith le fianaise i leith fheiliúnacht an tsuímh dó.** | | | |
| 22(2)(G) | **Nuair nach ionann an t-iarratasóir agus úinéir dleathach na talún nó an fhoirgnimh, ní mór cead scríofa an úinéara a leagan isteach leis an iarratas.** | | | |
| 23(1) | Ar tarraingíodh na líníochtaí ar fad ar an scála méadrach (m, cm, mm srl.)? | | | |
| | | | | |
| 23(1)(h) | An bhfuil pointe an tuaiscirt léirithe ar na léarscáileanna agus pleananna ar fad atá faoi iamh leis seo? | | | |
| | An bhfuil uimhir na S.O. léirithe ar na léarscáileanna nuair a bhaineann sé le hábhar? | | | |

| PLEAN DE LEAGAN AMACH AN LÁITHREÁIN | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 23(1) | Ar tarraingíodh na líníochtaí ar fad ar an scála méadrach? | | | |
| 22(4)(a) | An bhfuil 6 chóip faoi iamh? | | | |
| 22(2)(c) | An bhfuil áit chrochta an fhógra/na bhfógraí láithreáin léirithe go soiléir air? | | | |
| 23(1)(a) | An bhfuil líníocht an tsuímh nó líníocht de leagan amach an tsuímh tarraingthe ar scála 1:500 nó níos mó? | | | |
| 23(1)(a) | An bhfuil imlíne an láithreáin léirithe go soiléir i ndath dearg ar phlean an láithreáin? | | | |
| 23(1)(a) | An bhfuil foirgnimh, bóithre, teorainn, umair sheipteacha agus limistéir síothlúcháin, tobair thollta, clampaí suntasacha crann agus aon ghnéithe eile cóngarach don suíomh léirithe go soiléir ar phlean an láithreáin? | | | |
| 23(1)(c) | An bhfuil leibhéil nó comhrianta i gcoibhneas leis an tagra léarscáilíochta náisiúnta nó le tagra sealadach eile léirithe ar léarscáil de leagan amach an láithreáin agus ar phleananna eile? | | | |
| 23(1)(e) | I gcás síntí agus tionsadail athchóirithe agus athfhoirgnithe, an bhfuil idirdhealú sonrach le feiceáil idir na hoibreacha molta agus an foirgneamh atá ann cheana? | | | |
| 23(1)(f) | An bhfuil toisí soiléire curtha leis na pleananna, líníochtaí srl., agus airde na bhfoirgneamh ina n-iomlán agus a bhfad ó theorainneacha an láithreáin tugtha le fios orthu? | | | |

| Airteagal sna Rialacháin | Ceist le deimhniú | N/A | Tá | Níl |
|---|---|---|---|---|
| 23(1)(h) | An bhfuil pointe an tuaiscirt léirithe ar na pleananna go léir? | | | |
| 23(1)(i) | An bhfuil ainm a té a tharraing na líníochtaí léirithe orthu go léir? | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **BONNCHLÓNNA AGUS INGEARCHLÓNNA** | | | | |
| 24 | An le haghaidh cead imlíneach é an t-iarratas seo? | | | |
| 23(1) | Ar tarraingíodh na líníochtaí ar fad ar an scála méadrach? | | | |
| 22(3)(a) | An bhfuil 6 chóip de na líníochtaí ar fad faoi iamh? | | | |
| 23(1)(b) | Ar tarraingíodh na líníochtaí go léir – cé is moite de na léarscáileanna de shuíomh an láithreáin agus leagan amach an láithreáin – ar scála 1:200 nó níos mó? | | | |
| 23(1)(d) | An léirítear príomhghnéithe na bhfoirgneamh atá tadhlach leis an bhfoirgneamh molta ar na hingearchlónna? | | | |
| 23(1)(e) | I gcás síntí agus tionsadail athchóirithe agus athfhoirgnithe, an bhfuil idirdhealú sonrach le feiceáil idir na hoibreacha beartaithe agus an foirgneamh atá ann cheana? | | | |
| 23(1)(f) | An bhfuil toisí soiléire curtha leis na pleananna, líníochtaí srl., agus airde na bhfoirgneamh ina n-iomlán agus a bhfad ó theorainneacha an láithreáin tugtha le fios orthu? | | | |
| 23(1)(h) | An bhfuil pointe an tuaiscirt léirithe ar na pleananna go léir? | | | |
| 23(1)(i) | An bhfuil ainm a té a tharraing na líníochtaí léirithe orthu go léir? | | | |
| 23(2) | Má bhaineann an t-iarratas le hoibreacha ar nó i bhfoirgneamh atá liostaithe nó faoi chosaint, ar cuireadh griaghraif agus líníochtaí faoi iamh? | | | |
| **CUID 5: STRAITÉIS TITHÍOCHTA** | | | | |
| 22(1)(h) | Más forbairt tithíochta atá i gceist, an bhfuil ráiteas faoi iamh ina dtugtar le fios na beartais a chuirfear i bhfeidhm chun cloígh le hAlt 96(2) den Acht? Ní mór comhairle a fháil i leith na forála seo sula leagtar an t-iarratas isteach. | | | |
| 22(2)(e) | Má tá an fhorbairt i dteideal díolúine ó Chuid V, an bhfuil teastas nó cóip den iarratas ar theastas curtha faoi iamh? | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **SCEIDEAL** | | | | |
| 22(2)(d) | An bhfuil sceideal ann ina dtugtar liosta de na líníochtaí, na cáipéisí agus na sonraí go léir? | | | |

<u>MOLADH I LEITH NA CÁIPÉISÍOCHTA LEAGTHA ISTEACH</u>

Comhad bailí ☐

Comhad neamhbhailí ☐

Bailíochtú déanta ag ______________________ Dáta ______________

Nótaí:

- Meastar NEAMHBHAILÍ an comhad má freagraíodh NÍL d'aon cheann de na ceisteanna a bhaineann leis an rialacháin (na codanna aibhsithe i gcolún 1).
- Liosta na nuachtán faofa: Connaught Telegraph, Western People, Mayo News, Irish Independent, Mayo Echo, Irish Times.

| Airteagal sna Rialacháin | Ceist le deimhniú | N/A | Tá | Níl |
|---|---|---|---|---|

.